Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2021
(OR. en, pl)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0070(NLE)**

**9149/21**
**ADD 1**

**SOC 388**
**JEUN 60**
**EDUC 226**
**ECOFIN 581**
**ANTIDISCRIM 74**
**FREMP 171**
**COHOM 95**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí<br>- Ullmhúchán don ghlacadh<br>- Ráiteas ó thoscaireacht na Polainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Polainne i ndáil leis an ábhar thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN MAIDIR LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE LENA mBUNAÍTEAR RÁTHAÍOCHT EORPACH DO LEANAÍ**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta ar chearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, aon áit a dtagraítear do 'inscne' sa doiciméad, léireoidh an Pholainn é mar chomhionannas idir mná agus fir bunaithe ar ghnéas, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.